# 16 Rialtacht Íocaíochtaí Leasa Shóisialta

**16.1** Ceanglaítear ar an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (an Roinn) a chinntiú go gcuirtear an caiteachas a thabhaíonn sí i bhfeidhm chun na gcríoch sin dár chuir Dáil Éireann an t-airgead ar fáil, agus go gcloíonn a cuid idirbhearta airgeadais leis na húdaráis faoina dtugtar le fios gur cuireadh i bhfeidhm iad. Meastar go bhfuil idirbhearta airgeadais 'rialta' nuair a shásaítear an dá choinníoll sin.

**16.2** Tá íocaíochtaí os cionn teidlíochtaí faoi théarmaí na scéimeanna leasa neamhrialta. Tarlaíonn íocaíochtaí iomarcacha den saghas sin ar roinnt bhealaí, lena n-áirítear

- ***calaois éilitheora*** - nuair a thugann éilitheoir íocaíochtaí leasa shóisialaigh faisnéis neamhiomlán nó mhíchruinn i ndáil le héileamh d'aon ghnó, nó a mhainníonn d'aon ghnó a insint don Roinn faoi athruithe ábhartha i gcúinsí (amhail méadú ar a acmhainn nó ar a riocht sláinte) a imríonn tionchar ar éileamh ar íocaíocht
- ***earráid éilitheora*** - a tharlaíonn nuair a chuireann an t-éilitheoir eolas míchruinn nó neamhiomlán ar fáil, nó a mhainníonn athrú ábhartha ar chúinsí a thuairisciú, ach nach bhfuil aon rún chalaoiseach shoiléir ag an éilitheoir
- ***earráid na roinne*** - nuair a íoctar sochair go mícheart mar gheall ar easpa gníomhaíochta, moill nó botúin a rinne foireann na Roinne.[1]

**16.3** Tá clár seanbhunaithe ag an Roinn do shuirbhéanna calaoise agus earráide a dhéanamh ar na scéimeanna leasa shóisialaigh. Is tomhais calaoise agus earráide i scéimeanna iad sin ag pointe áirithe ama. Leis na suirbhéanna seo déantar athbhreithnithe ar shamplaí randamacha de 500 go 1,000 éileamh atá á n-íoc le fáil amach an bhfuil na héilitheoirí i dteideal na n-íocaíochtaí atá á bhfáil acu agus má tá, an bhfuil na méideanna cearta á n-íoc leo. Cabhraíonn na suirbhéanna leis an Roinn rioscaí sna scéimeanna a aithint mar aon leis an ngá atá le hathruithe a dhéanamh ar na bearta rialaithe atá i bhfeidhm. Déantar suirbhéanna ar scéimeanna ardluacha níos minice ná scéimeanna íseal-luacha. In Iarscríbhinn 16A tugtar cuntas ar shuirbhéanna san am atá caite, agus ar na cinn atá beartaithe do 2018 agus 2019.

**16.4** Is bunchritéar le haghaidh íocaíochta faoi scéimeanna leasa shóisialaigh áirithe é incháilitheacht leighis. Mar shampla

- caithfidh faighteoirí liúntas míchumais a bheith gortaithe, galar nó míchumas coirp nó meabhrach a bheith orthu ar feadh bliana ar a laghad nó go meastar go mbeidh sé orthu go ceann bliana agus de dheasca an mhíchumais sin, srian suntasach a bheith orthu maidir le hobair a dhéanamh a bheadh oiriúnach de ghnáth do dhaoine dá n-aois, taithí agus cáilíochtaí
- caithfidh nach bhfuil faighteoirí sochair breoiteachta in ann oibriú de bharr breoiteachta nó gortaithe — ní mór dóibh teastas seachtainiúil nó míosúil a sholáthar don Roinn óna ndochtúir agus teastas deiridh dochtúra a thabhairt don Roinn sula bhfillfidh siad ag obair, agus is ag an bpointe sin a stopfar íocaíochtaí
- caithfidh nach bhfuil ar chumas faighteoirí pinsean easláine oibriú, nó gan a bheith ar a gcumas oibriú ar feadh 12 mhí ar a laghad agus an chuma a bheith air nach mbeidh ar a gcumas oibriú go ceann 12 mhí eile ar a laghad.

1 I gcásanna áirithe, féadfaidh éilitheoirí níos lú a fháil ná an méid atá siad i dteideal a fháil de bharr earráidí a dhéanann siad féin nó earráidí na roinne.

**16.5** Nuair a dhéanann an Roinn suirbhé calaoise agus earráide ar scéim a bhfuil critéir íocaíochta incháilitheachta leighis ag gabháil léi, déantar athbhreithnithe leighis ar fhothacar cásanna. D'fhéadfaí, de thoradh air seo, cásanna a aithint ina meastar nach gcomhlíonann an riocht sláinte a thuilleadh na critéir shonraithe. Nuair a tharlaíonn sé seo, féadfar na híocaíochtaí leasa shóisialaigh a stopadh, nó an méid is iníoctha a laghdú.

**16.6** Ós rud é go bhféadfadh riocht sláinte faighteora leasa shóisialaigh feabhsú le himeacht ama, ní mheasann an Roinn gurb ionann toradh athbhreithnithe go bhfuil faighteoir neamh-incháilithe faoi láthair ó thaobh sláinte de agus íocaíocht earráide nó chalaoise. Measann an Roinn go raibh bonn faoin íocaíocht suas go dtí an t-athbhreithniú liachta de bharr fianaise liachta. I dtuairim na Roinne, aon athrú a fhaightear san athbhreithniú leighis ní léiriú é ar íocaíocht earráide ag an Roinn ná ag an bhfaighteoir leasa shóisialaigh toisc go raibh siad araon ag gníomhú go hionraic le tacaíocht ó fhianaise liachta suas go dtí an pointe sin.

**16.7** Toisc go bhféadfadh faighteoir a theidlíocht i leith íocaíocht leasa a chailleadh de thoradh ar fheabhas ar riocht sláinte, nuair a aithnítear cás dá leithéid de thoradh ar athbhreithniú ar theidlíocht tugann sé sin le fios gurbh ann d'íocaíocht iomarcach tráth an athbhreithnithe, ar cheart í a chur san áireamh i meastachán ar leibhéil íocaíochta iomarcaí.

**16.8** D'fhéadfadh faighteoir íocaíochtaí leasa shóisialaigh a chinntear nach bhfuil sé i dteideal íocaíochta (nó nach bhfuil ina teideal a thuilleadh) faoi scéim áirithe a bheith i dteideal íocaíochta faoi scéim eile de chuid na Roinne.[1] Sa chás sin, féadfar an íocaíocht iomarcach a braitheadh a chúiteamh (go hiomlán nó go páirteach) le híocaíochtaí breise ar an scéim eile. I gcásanna áirithe ina n-athraítear íocaíochtaí faighteora, féadfar na híocaíochtaí a chur ar ais (nó a chur ar ais go páirteach) de thoradh ar achomharc. Éiríonn idirdhealú as seo idir íocaíochtaí iomarcacha comhlána agus glan-íocaíochtaí iomarcacha. Gabhann impleachtaí le ceachtar díobh maidir le rialtacht na scéime agus caiteachas comhiomlán taifeadta i gcuntas leithreasa Vóta 37 Coimirce Shóisialta agus i gcuntais an Chiste Árachais Shóisialta (SIF).

**16.9** I bhFíor 16.1taispeántar an caiteachas in 2016 ar scéimeanna an Vóta agus an Chiste Árachais Shóisialta i ndáil le suirbhéanna calaoise agus earráide a rinneadh (uair amháin ar a laghad) ó 2012.[2,3] Taispeántar freisin na leibhéil mheasta d'íocaíochtaí iomarcacha, de bharr calaoise, earráide nó neamh-incháilitheacht leighis, faoi gach scéim a fuarthas le linn na suirbhéanna.

1 Féadfaidh an Roinn freisin íocaíochtaí leasa a dhéanamh i ndáil le daoine ar stopadh a n-íocaíochtaí agus ar cleithiúnaigh iad de chuid faighteora leasa eile.

2 Áirítear pinsean stáit neamh-ranníocach ar an tábla toisc leibhéal caiteachais na scéime, cé gur in 2008 a bhí an suirbhé calaoise agus earráide is déanaí. Tá suirbhé nua ar an scéim beartaithe do 2018.

3 Ní áirítear an suirbhé Sochair Teaghlaigh in 2016 toisc nach ndearnadh suirbhé ach ar 7% díobhsan atá ag fáil pacáiste leasa.

**Fíor 16.1 Leibhéal measta na n-íocaíochtaí iomarcacha i scéimeanna a ndearnadh suirbhé orthu**

| Cuntas agus scéim | Costas na scéime 2016 | Leibhéal measta na n-íocaíochtaí | |
|---|---|---|---|
| | € milliún | Comhlán | Glan |
| **Scéimeanna maoinithe ón Vóta** | | | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | 2,452 | 4.6% | 3.1% |
| An Sochar Linbh | 2,078 | 0.5% | 0.5% |
| Liúntas Míchumais[a] | 1,358 | 18.4% | 4.1% |
| Pinsean Stáit (neamhranníocach) | 982 | 1.9% | n/b |
| Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | 501 | 7.1% | 2.7% |
| Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | 415 | 1.9% | 0.5% |
| Forlíonadh Cíosa | 275 | 6.0% | 5.0% |
| Cúnamh Feirme | 79 | 10.6% | 10.4% |
| **Scéimeanna iomlána an Vóta** | **8,140** | | |
| **Scéimeanna arna maoiniú faoin gCiste Árachais Shóisialaigh** | | | |
| Pinsean Stáit (ranníocach/aistriú) | 4,662 | 2.0% | 2.0% |
| Pinsean Ranníocach Baintrí/Baintrí Fir/ Páirtí Shibhialta Mharthanaigh | 1,437 | 0.8% | 0.7% |
| Pinsean Easláine[a] | 645 | 2.8% | 1.5% |
| Sochar Breoiteachta[a] | 597 | 13.4% | 6.0% |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 356 | 2.5% | 1.6% |
| **Iomlán Scéimeanna an Chiste Árachais Shóisialaigh** | **7,697** | | |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Áirítear sna figiúirí do Liúntas Míchumais, Pinsean Easláine, Sochar Breoiteachta torthaí na gcásanna a ndearnadh athbhreithniú liachta orthu.

**16.10** Tá éagsúlacht forleathan le sonrú i leibhéal na n-íocaíochtaí iomarcacha a fuarthas trí shuirbhéanna ar scéimeanna atá maoinithe ón Vóta. Seachas sochar linbh ar íocaíocht uilíoch é (.i. ní dhéantar tástáil mhaoine ina leith), síneann raon na meastacháin ó 1.9% de chaiteachas na scéime i gcás an fhorlíonaidh ioncam teaghlaigh agus an phinsin Stáit neamh-ranníocach go 18.4% i gcás scéim an Liúntais Míchumais (lena n-áirítear neamh-incháilitheacht leighis).

**16.11** Tá éagsúlacht le sonrú chomh maith i leibhéal na ró-íocaíochtaí sna scéimeanna arna maoiniú ag SIF a ndearnadh suirbhé orthu. Bhí raon meastachán ar íocaíochtaí iomarcacha ar scéimeanna maoinithe SIF ó 0.8% i gcás pinsean ranníocach baintrí/baintrí fir/ páirtí shibhialta mharthanaigh go 13.4% i gcás Sochar Breoiteachta (lena n-áirítear neamh-incháilitheacht leighis).

**16.12** Go comhiomlán, b'ionann na scéimeanna a áirítear i bhFíor 16.1 agus 76% (€8.1 billiún) in 2016 de chaiteachas a Vótáladh, agus 91% (€7.7 billiún) de chaiteachas SIF.

## Conclúidí agus moltaí

**16.13** Measaim go bhfuil íocaíochtaí iomarcacha de bharr calaoise, earráide nó neamh-incháilitheacht leighis neamhrialta. Tá leibhéal na n-íocaíochtaí iomarcacha a aimsíodh i suirbhéanna calaoise agus earráide na Roinne ábhartha ag leibhéal scéime/comhiomlán araon, agus ag leibhéal glan/roinne. Dá réir sin, tá tagairt déanta agam i mo thuairiscí iniúchta ar Chuntas Leithreasa 2016 do Vóta 37 Coimirce Sóisialaí agus do Chuntas 2016 an Chiste Árachais Shóisialaigh do leibhéal ábhartha neamhrialtachta na n-íocaíochtaí scéime.

# Iarscríbhinn 16A

**Fíor 16A.1 Sceideal suirbhéanna calaoise agus earráide a foilsíodh 2004 go 2017 agus atá pleanáilte go 2019**

| Cuntas agus scéim | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Scéimeanna maoinithe ón Vóta** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | Foilsithe | | | | | | Foilsithe | | | | Foilsithe | | | | | |
| Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair | | | | | | | | | | | | | | | Pleanáilte | |
| Liúntas Cúramóra | | | | | | | | | | | | | | Ar siúl | | |
| An Sochar Linbh | | Foilsithe | | | | | | | | Foilsithe | | | | | | |
| Liúntas Míchumais | | | Foilsithe | | | | | | Foilsithe | | | | | | | Pleanáilte |
| Pinsean Stáit (neamhranníocach) | | | | | Foilsithe | | | | | | | | | | Pleanáilte | |
| Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | Foilsithe | | | | Foilsithe | | | | Foilsithe | | | | | | | Pleanáilte |
| Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | | | Foilsithe | | | | | | | | | | Foilsithe | | | |
| Forlíonadh Cíosa | | | Foilsithe | | | | | | | | Foilsithe | | | | | |
| An Liúntas Leasa Forlíontach | | | | | | | | | | | | | | Ar siúl | | |
| Pacáiste Sochair Teaghlaigh | | | | | | | | | | | | | Foilsithe | | | |
| Cúnamh Feirme | | | | | | | | | | | | | Foilsithe | | | |
| **Scéimeanna arna maoiniú faoin gCiste Árachais Shóisialaigh** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Pinsean Stáit (ranníocach/aistriú) | | | | | | | Foilsithe | | | | | | | Foilsithe | | |
| Pinsean Ranníocach Baintrí/Baintrí Fir/ Páirtí Shibhialta Mharthanaigh | | | | | | | | | | | Foilsithe | | | | | |
| Pinsean Easláine | | | | | | | | | | | | Foilsithe | | | | |
| Sochar Breoiteachta | | | | Foilsithe | | | | | | | | Foilsithe | | | | |
| Sochar Cuardaitheora Poist | Foilsithe | | | | | | | | Foilsithe | | | | | | | |
| Pacáiste Sochair Teaghlaigh | | | | | | | | | | | | | Foilsithe | | | |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Eochair:
- ● Pleanáilte
- ● Ar siúl
- ● Foilsithe